



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/757 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Aibreán 2025

maidir le séipailt a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear d'athmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) I gcomhréir le Treoir 70/524/CEE údaraíodh séipailt gan teorainn ama, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh an tsubstaint sin i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas chun athmheastóireacht a dhéanamh ar shéipailt mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus sna feidhmghrúpaí 'ceanglóir' agus 'oibreáin frithstolptha'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 23 Márta 2022 ⁽³⁾ agus an 4 Meitheamh 2024 ⁽⁴⁾ go bhfuil séipailt ar leibhéal 20 000 mg/kg d'ábhar beatha iomlán sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Tháinig sé ar an gconclúid freisin go mbaineann riosca trí ionanálú le séipailt don úsáideoir, go háirithe mar gheall ar shilice chriostalta agus ar nicil a bheith sa bhreiseán, agus nach greannaitheoir don chraiceann ná do na súile é ach gur cheart é a mheas mar íogróir craicinn agus riospráide. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin go bhfuil an breiseán éifeachtach mar cheanglóir agus mar oibreán frithstolptha. D'fhóraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann séipailt na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (6) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe na substainte lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(4):7250. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7250>.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2024;22(6):e8850. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8850>.

- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, agus a bhaineann le catagóir na mbreiseán ‘breiseáin theicneolaíocha’ agus leis na feidhmghrúpaí ‘ceanglóirí’ agus ‘oibreáin frithstolptha’, údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán beathaithe séipailít, mar a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE, agus na réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 12 Samhain 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 12 Bealtaine 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 12 Bealtaine 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 12 Bealtaine 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 12 Bealtaine 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 12 Bealtaine 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: ceanglóirí								
1g562	Séipailít	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Sileacáit mhaighnéisiam hidráitithe de thionscnamh dríodair, ina bhfuil $\geq 60\%$ séipailít, $\leq 30\%$ montmairíllínít, saor ó aispeist (*) Foirm sholadach ----- <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Séipailít (sileacáit mhaighnéisiam hidriúil): $\geq 60\%$ Uimhir CAS: 63800-37-3 Foirmle cheimiceach: $\text{Mg}_4\text{Si}_6\text{O}_{15}(\text{OH})_2 \cdot 6\text{H}_2\text{O}$ Montmairíllínít: $\leq 30\%$ ----- <i>Modh anailíse (*)</i> Maidir le tréithriú an bhreiseáin beathaithe: – Díraonadh x-ghathach (XRD) agus – Fluaraiseacht x-ghathach (XRF) nó speictriméadracht ionsaithe adamhaigh (AAS)	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	20 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibriochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don anáilú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	an 12 Bealtaine 2035

(1) An modh a úsáideadh: Leictreonmhicreascópacht tarchuir.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: ceanglóirí

(²) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: oibreáin frithstolptha

1g562	Séipiaílít	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Sileacáit mhaighnéisiam hiodráitithe de thionscnamh dríodair, ina bhfuil ≥ 60 % séipiaílít, ≤ 30 % montmairíllínít, saor ó aispeist (¹) Foirm sholadach ----- <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Séipiaílít (sileacáit mhaighnéisiam hidriúil): ≥ 60 % Uimhir CAS: 63800-37-3 Foirmle cheimiceach: Mg ₄ Si ₆ O ₁₅ (OH) ₂ ·6H ₂ O Montmairíllínít: ≤ 30 % -----	Gach speiceas ain- mhíoch	-	-	20 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna	an 12 Bealtaine 2035
-------	------------	---	------------------------------------	---	---	--------	---	----------------------------

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: oibreáin frithstolptha								
		Modh anailíse ⁽¹⁾ Maidir le tréithriú an bhreiseán beathaithe: — Díraonadh x-ghathach (XRD) agus — Fluaraiseacht x-ghathach (XRF) nó speictriméadracht ionsaithe adamhaigh (AAS)					imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

⁽¹⁾ An modh a úsáideadh: Leictreonmhicreascópacht tarchuir.

⁽²⁾ 4 Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.